



Cén Chaoi ar Féidir Uisce a Choigilt ar Scoil?

Bileog
Gníomhaíochta
04

Tá neart deiseanna ann i gcónaí chun an t-uisce a choigilt, lena n-áirítear nithe an-simplí gan chostas agus gairis shofaisticiúla a shuiteáil.

Seo liosta smaointe is féidir leat a bhreithniú (má tá aon smaointe de do chuid féin agat bí cinnte go scríobhfaidh tú síos iad chomh maith!).

Maidir le gach smaoinemh de, déan an cinneadh an féidir sin a chur i gcrích i do scoil féin. Ní mór na costais a chur san áireamh a bheadh leis na hathruithe sin a dhéanamh mar aon le méid an uisce a choigleofar. B'fhéidir go mbeadh cabhair ó dhuine fásta ag teastáil uait chun do chinneadh a dhéanamh.

Nithe Gan Chostas

- Eagraigh Feachtas Feasachta Caomhantas Uisce.
- Tuairiscigh aon bhraon nó deoir anuas.
- Ná fág an t-uisce ag rith as an sconná.
- Déan deifir sa chithfholcadán!
- Déan monatóireacht rialta ar úsáid an uisce agus taifead sin. Scrúdaigh aon mhéadú úsáide atá gan míniú – d'fhéadfadh sé gur braon anuas is cúis leis.
- Déan athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí úsáidte uisce chun teacht ar dheiseanna coigilte uisce, *m.sh. glanadh, uisce a chur ar do phlandaí lasmuigh agus laistigh, obair sa chistin.*

Nithe ar Chostas Íseal

- Deisigh na sconnáí atá ag ligean uathu.
- Cuir isteach Mála Hippo i sistéal an leithris (más sistéal 9 lítear é).
- Cuir isteach buta báistí chun uisce a sholáthar do na plandaí.



Nithe ar Chostas Ard

- Cuir isteach gairis a rialaíonn sruthlú na bhfualán *m.sh. braiteoirí gluaiseachta nó rialtáin ama.*
- Cuir isteach sá-sconnaí.
- Cuir isteach spré-sconnaí.
- Athsholáthraigh feistis neamhéifeachtúla le feistis uisce-éifeachtúla nua-aimseartha.
- Suiteáil feistis/amadóirí sá-oibrithe i gcithfholcadáin.